



An Bhruiséil, 22 Feabhra 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0309(COD)

6556/19
ADD 1

CODEC 471
PROCIV 13
JAI 150
COHAFA 16
FIN 155

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráiteas

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

EUR 205.6 milliún a bheidh sa chlúdach airgeadais breise in 2019 agus 2020 chun an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a chur chun feidhme. Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart cuid den mhéadú iomlán ar bhuiséad rescEU a chur ar fáil trí athdháiltí a dhéanamh faoi Cheannteideal 3 (slándáil agus saoránacht) agus faoi Cheannteideal 4 (An Eoraip Dhomhanda) de chuid Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020. Meabhraíonn na trí hinstitiúid go bhfuil cuid de na hathdháiltí curtha san áireamh i mbuiséad 2019 cheana agus cuireadh EUR 15.34 milliún san áireamh cheana sa chlárú airgeadais do 2020.

I gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh do 2020, iarrtar ar an gCoimisiún athdháiltí breise EUR 18.24 milliún a mholadh chun 50 % a shroicheadh i gcomhair 2019 agus 2020 faoi na ceannteidil chéanna.
